

2014



Curaclam  
Thuaisceart Éireann

# Áiseanna Gaeilscolaíochta CCEA



Liosta Náisiúnta National BTEC  
**An Taisteal agus  
an Turasóireacht**



**MATA  
FOCHAIRCHÉIM 3**  
Ag teacht le curson leasaithe ECA  
Evans, Keith Gordon, Trevor Senior, Brian Speed





## Ábhar: **Matamaitic**



**GCSE sa Mhatamaitic do CCEA (Bonnsraith) (Hodder Education)** (£21.99)

**GCSE sa Mhatamaitic do CCEA (Ardsraith) (Hodder Education)** (£25.00)

Sraith chuimsitheach a scríobh múinteoirí atá bunaithe i dTuaisceart Éireann agus a dhíríonn go hiomlán ar shonraíocht GCSE CCEA don Mhatamaitic. Tá Cuspóirí Foghlama ag tús gach caibidle agus tá ceisteanna cleachtaidh tríd an leabhar mar aon le ceisteanna samplacha scrúdaithe leis na daltaí a ullmhú don scrúdú.




## Ábhar: **TFC**



**TFC do GCSE CCEA Leabhar an Dalta (Hodder Education)** (£21.00)

Scríobhadh an leabhar seo do shonraíocht athbhreithnithe lánchúrsa agus ghearrchúrsa GCSE CCEA. Tá an téacs roinnte ina 3 aonad a chumhdaíonn gnéithe mheasúnú rialaithe agus scrúdaithe an chúrsa. Tá comhairle agus cás-staidéir ann le cuidiú le daltaí an t-eolas atá foghlamtha acu a chur i bhfeidhm.



**Súil Siar, TFC GCSE CCEA (Hodder Education)** (£9.00)

Leabhar a chuireann ar a gcumas do dhaltaí súil siar a chaitheamh ar an chúrsa ar bhealach pleanáilte. Tá firicí riachtanacha eagraithe go cúramach ann, tá leideanna ann don scrúdú agus ceisteanna le tuiscint an dalta a mheas roimh na scrúduithe.



## Eochairchéim 4

### Ábhar: **Tíreolaíocht**



#### **Tíreolaíocht do GCSE CCEA (Hodder Education)** (£21.00)

Tá an leabhar seo ag teacht leis an ábhar agus leis an chur chuige atá i sonraíocht GCSE CCEA don Tíreolaíocht. Istigh ann tá imeachtaí seomra ranga, gníomhaíochtaí GIS, cás-staidéir ábhartha reatha, naisc le suíomhanna faoi choinne taighde agus ceistanna eiseamláire difreáilte.



### Ábhar: **Foghlaim don Saol agus don Obair**



#### **Foghlaim don Saol agus don Obair GCSE CCEA (Hodder Education)** (£21.00)

Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda, Forbairt Phearsanta agus Infhostaitheacht is ábhar don leabhar seo atá bunaithe ar shonraíocht GCSE CCEA don Foghlaim don Saol agus don Obair. Tá gníomhaíochtaí éagsúla ann agus ceistanna samplacha scrúdaithe a chuideoidh leis na daltaí a gcuid scileanna a fhorbairt.



#### **An Fachtóir WOW**

Is clár foghlama agus teagaisc é **An Fachtóir WOW** le cuidiú le daoine óga cinntí eolasacha a dhéanamh faoina bhfuil rompu i saol na hoibre. Tá sraith aonad ann do gach bliainghrúpa in Eochairchéimeanna 3 agus 4.



## Ábhar: **Eacnamaíocht Bhaile**



### **Eacnamaíocht Bhaile do GCSE CCEA (Hodder Education)** (£21.00)

Is ábhar tacaíochta an leabhar seo do shonraíocht GCSE CCEA. Tá cuspóirí foghlama le fáil ann chomh maith le héagsúlacht leathan gníomhaíochtaí agus treoir ar an dóigh le toradh maith a bhaint amach.



## Ábhar: **Corpoideachas**



### **Corpoideachas do GCSE CCEA (Colourpoint)**

#### **Corpoideachas do GCSE CCEA**

- Téacsleabhar (£15.00)
- Leabhar Saothair 1 (£4.50)
- Leabhar Saothair 2 (£4.50)

Tá an leabhar seo curtha in oiriúint do shonraíocht GCSE CCEA don Chorpoidéachas. Tá tascanna ábhartha i ngach mír agus pléitear na mórtópaicí go soiléir beacht. Tá dhá leabhar saothair ann chomh maith.

